View in browser

14 Deireadh Fómhair 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 70







## COLÁISTE CHOLMCILLE AG CODHLADH AMUIGH

Beidh **Coláiste Cholmcille** ag glacadh páirte sa bhfeachtas *'Shine a Light Night'* ar mhaithe le ***Focus Ireland*** ar an Aoine an 15 Deireadh Fómhair. Beidh scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí ag codhladh taobh amuigh den scoil ar an oíche chun tacú le heaspa dídine in Éirinn. Tá leathanach tiomsaithe airgid réitithe ag an scoil más maith le haon duine síntiús a thabhairt, is féidir síntiús a thabhairt anseo.



## CAITLÍN NÍ CHUALÁIN CEAPTHA INA HEAGARTHÓIR STIÚRTHA CLÁR

D'fhógair RTÉ Raidió na Gaeltachta gurb í **Caitlín Ní Chualáin**, as an Teach Mór in Indreabhán, atá ceaptha ina hEagarthóir Stiúrtha Clár sa stáisiún. Tá ós cionn tríocha bliain caite ag Caitlín ag obair sna meáin chumarsáide. Thosaigh sí ag obair mar Chlár Reachtaire le RTÉ Raidió na Gaeltachta i 1999. Chaith Caitlín an chuid is mó dá cuid ama sa rannóg nuachta mar chraoltóir agus mar léiritheoir ar Nuacht a hAon agus Adhmhaidin. Guíonn muid chuile rath ar Chaitlín ina post nua.

## CÚRAM AGUS COTHABHÁIL AR SHUÍOMH EALAÍN NA GAELTACHTA

Tá **Ealaín na Gaeltachta** ag lorg tairiscintí ó chomhlachtaí nó ó dhuine aonair ar suim leo cúram agus cothabháil a dhéanamh ar a suíomh gréasáin - www.ealain.ie. Bliain amháin a mhairfidh an togra, ach d'fhéadfaí síneadh ama

a chur leis. Slándáil ar an suíomh, cúltaca agus uasdhátú rialta, eolas a chrochadh ann agus nascanna briste a chóiriú chomh maith le freagrachtaí eile atá i gceist. Ní mór taithí cuí a bheith ag an gcomhlacht nó ag an té a chuireann isteach ar an deis agus caithfidh siad samplaí de thograí ábhartha a thaispeáint. Iarrtar ar iarrthóirí iarratas scríofa a sheoladh chuig Ealaín na Gaeltachta, (f/ch Údarás na Gaeltachta), Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Doire Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Dún na nGall roimh 5.i.n. ar an 18ú Deireadh Fómhair 2021. Is féidir níos mó eolais a fháil faoi anseo.

## CLUB ÓIGE LURGAN

Tá cruinniú poiblí á reáchtáil ag **Club Óige Lurgan**, i gcomhpháirt le **Muintearas** agus **Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga** ar an Mháirt 19ú Deireadh Fómhair @ 7i.n. I Seanscoil Sailearna a bheas an cruinniú ar siúl. Cuirfear fáilte roimh éinne ar mhaith leis/léi a bheith páirteach sa gclub le smaointe agus tograí feiliúnacha a phlé. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Vivienne @ 087 656 3054 le tuilleadh eolais a fháil.




## OÍCHE OIREACHTAIS

Tá Oíche Oireachtais á reáchtáil ag **Cumann Forbartha Chois Fharraige** agus ag **Ceoltóirí Óga Chois Fharraige** ar an Aoine 29 Deireadh Fómhair @ 9i.n. i dTigh Chualáin. Teacht le chéile beag a bheas ann le ceiliúradh a dhéanamh ar rannpháirtíocht mhuintir Chois Fharraige i bhféile mhór na nGael! Cuirfear fáilte roimh amhránaithe, damhsóirí, scéalaithe, agallóirí, lucht lúibíní agus lucht sceitseanna! Is féidir níos mó eolais a fháil ar leathanach Facebook Ceoltóirí Óga Chois Fharraige.

## MAIDIN CHAIFE SA SPIDÉAL

Tá maidin chaife á reáchtáil ag **Rúnda**, sa Spidéal ar an Aoine 15ú Deireadh Fómhair, le hairgead a bhailiú ar son Oispís na Gaillimhe. Beifear in ann caife agus greamanna deasa le n-ithe a fháil agus rachaidh chuile shíntiús a fhaightear chuig an Oispís. Tá **Rúnda** lonnaithe taobh thiar de shiopa bhearbóra an Spidéil. Idir 9 r.n. agus 2i.n. a bheas sé ar bun.

## GRADAM BHLAS NA HÉIREANN 2021

Comhghairdeachas lenár gcairde sa **mBuillín Blasta** a bhuaigh gradam sa gcomórtas iomráiteach **Blas na hÉireann 2021**. Bronnadh bonn óir ar an gcaifé dá gcuid maonáis oiniún

deataithe. Is léir go bhfuil **an Builín Blasta** ag dul ó neart go neart. Bronnadh an bonn airgid orthu anuraidh. Neam, Neam!




## SOILSE NA NOLLAG SA SPIDÉAL

Tá grúpa deonach tagtha le chéile i mbliana le hairgead a bhailiú le haghaidh soilse Nollag a chrochadh sa Spidéal. Tá leathanach Facebook ag an ngrúpa, áit ar féidir na huasdátaithe is déanaí faoin bhfeachtas a fháil. Tá crannchur á reáchtáil ar son an fheachtais faoi láthair le línte á ndíol ar chostas €2 an cheann. Déan teagmháil le 087 742 6829 nó seol teachtaireacht chucu ar Facebook. Chomh maith le sin, tá leathanach ag an ngrúpa ar *'iDonate'* le gur féidir síntiús a thabhairt. Beidh píosa ar Iris Aniar maidir leis an bhfeachtas an tseachtain seo chugainn.

## SEISIÚIN EOLAIS EALAÍN NA GAELTACHTA

Tá seisiúin eolais á reáchtáil ag **Ealaín na Gaeltachta** le cúnamh agus treoir a thabhairt maidir le foirm iarratais Scéim Sparántachta a líonadh. Beidh an chéad cheardlann ar siúl ar an Mháirt 19ú Deireadh Fómhair ó 7 i.n go dtí 8:30i.n. agus beidh an dara cheann ar siúl ar an gCéadaoin 20ú @ 10-11:30r.n. Is féidir clárú do na ceardlanna ar *Eventbrite* nó is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.ealain.ie.




## RANNTA & COMHLUADAR LE GLÓR NA NGAEL

Beidh seisiúin comhluadair ar líne, á reáchtáil ag **Glór na nGael** chuile mhí, ar an Luan agus an Satharn @ 11r.n. Deiseanna a bheas ann do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge, teacht le chéile go fíorúil le haithne a chur ar chéile agus cúrsaí teaghlaigh - ó chúrsaí spraoi go ceisteanna bia agus acmhainní úsáideacha - a phlé. Le páirt a ghlacadh ann is féidir teagmháil a dhéanamh le cabrini@glornangael.ie

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear

083 010 6294

den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta